AGUISÍN 5 LÍOMHAINTÍ i gcoinne BAILL FOIRNE nó OIBRITHE DEONACHA

Beidh **Ráiteas um Chumhdach Leanaí an Oireachtais** ina mhír de chonradh fostaíochta gach fostaí agus roinnfear an Ráiteas le Criú an Oireachtais sula nglacfaidh siad páirt inár n-imeachtaí.

Sa chás go ndéantar líomhaintí i gcoinne baill foirne nó oibrí deonach leanfar dhá nós imeachta éagsúla:

- An nós imeachta tuairiscithe a bhaineann leis an leanbh
- An nós imeachta a bhaineann le ball foirne/oibrí deonach

Ba cheart na nósanna imeachta seo a leanúint in aon chás ina bhfuil amhras faoi fhostaí/oibrí deonach nó gur nochtadh fianaise maidir le mí-úsáid ina leith. Beidh aird mar is cuí ag **An tOireachtas** ar chearta agus ar leasa an linbh ar lámh amháin agus freisin ar chearta agus leasa an té ar cuireadh líomhain ina leith.

Aithnítear go bhféadfadh sé go gcuirfí líomhaintí mailíseacha nó cinn atá mícheart nó mí-chruinn i leith ball foirne/oibrí deonach. Is gá plé go híogair le líomhaintí den chineál sin agus is gá tacaíocht chomhairleoireacht a sholáthar don bhall foirne chomh maith leis an leanbh, más cuí. Tá cosaint an linbh mar aon le haire a thabhairt don bhall foirne/oibrí deonach ar bhonn cothrom.

I gcás ina gcuirfí an Teagmhálaí Ainmnithe ar an eolas faoi líomhain mí-úsáide linbh ag ball foirne/oibrí deonach, tabharfaidh sí/sé an fhaisnéis seo a leanas don té a bhfuil an líomhain déanta ina c(h)oinne, más cuí:

(i) Go bhfuil líomhain curtha ina c(h)oinne
(ii) An saghas líomhain atá i gceist

Tabharfar deis don ball foirne/oibrí deonach freagra a thabhairt. Déanfaidh an Ceannasaí nóta den fhreagra úd agus tabharfar an t-eolas do Tusla/Gateway Teams sa chás go gcuirfear tuarascáil fhoirmiúil ar aghaidh.

Fanfaidh an Teagmhálaí Ainmnithe ansin ar fhreagra ó na húdaráis cuí. Tá sé tábhachtach a rá go dtagann gach eagraíocht faoi scáth an Achta um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 (sa Deisceart) an fhad is go dtuairiscíonn siad an cás go réasúnta agus le dea-intinn.

Glacann **An tOireachtas** leis go mb'fhéidir go mbeadh tionchar ag fachtóirí éagsúla ar an eagraíocht agus gur ghá iad a thógáil san áireamh:

(i) Freagrachtaí ionchasacha baill foirne/oibrithe deonacha eile, ina measc, fearg, díchreideamh, amhras, scanradh, ciontacht, geit, imní agus mearbhall.
(ii) Na héifeachtaí a bheidh ag na nósanna inmheánacha smachtaithe, an t-imscrúdú um Chosaint Leanaí agus an t-imscrúdú coiriúil ar an drochúsáideoir líomhnaithe.
(iii) Conas mar a dhéileálann baill foirne/oibrithe deonacha eile leis an duine óg ar baineadh mí-úsáid as/aisti nó go bhfuiltear ag fiosrú líomhna a déanadh.

(iv) Freagairtí tuismitheoirí/caomhnóirí agus baill eile de theaghlach an duine óig. Cuirfear na páirtithe éagsúla ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta ábhartha atá ar fáil.

NÓSANNA IMEACHTA chun déileáil le baill foirne agus dualgas cúraim an fhostóra faoi mar a bhaineann sé le leanaí nó le mí-úsáid leanaí.

Achoimre ar na prionsabail treoracha chun mí-úsáid nó faillí leanaí a thuairisciú:

1. **Caitear tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus folláine an linbh thar aon imníocha faoi aosaigh, bhaill foirne ná oibrithe deonacha a bhféadfaí líomhaintí a dhéanamh ina leith;**

2. **Ba chóir tuairiscí faoi imní a dhéanamh gan mhoill chuig Tusla/an Garda Síochána nó Health & Social Care Trust (HSCT) Gateway Team/PSNI**

3. **Sa chás go ndéanfaí líomhaintí i leith ball foirne nó oibrí deonach is é an gnáthnós go bpléifidh an Teagmhálaí Ainmnithe leis an mball foirne/oibrí deonach atá i gceist agus go bpléifidh an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe leis an leanbh**

4. **Os rud é, áfach, go mbeidh an Teagmhálaí Ainmnithe/Duine Sainordaithe ag tuairisciú chuig na húdaráis chuí ar son an Oireachtais d'fhéadfadh sé go mbeadh duine eile, amhail an Ceannasaí, le hainmniú chun plé agus tacaíocht a sholáthar don bhall foirne / oibrí deonach.**

5. **Ní féidir le duine d'Oifigigh Slánchumhdaithe an Oireachtais tacaíocht a chur ar fáil do bhall foirne/oibrí deonach agus don leanbh atá i gceist, ag an am céanna.**

- I gcás ball foirne, is gá Ceannasaí an Oireachtais a choinneáil ar an eolas faoi na socruithe tuairiscithe agus aon idirbheartaíocht nó teagmháil leis na húdaráis cuí.

- D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCeannasaí, mar cheannasaí foirne agus thar ceann Bhord Stiúrtha an Oireachtais, comhairle dlí a lorg maidir le haon ghníomhaíocht a ghlacfaí tar éis líomhain a bheith curtha i leith ball foirne/oibrí deonach. D'fhéadfadh sé go mbeidh gá le cruinniú a eagrú le Tusla/An Garda Síochána chun an líomhain a phlé.

- Cuirfidh an Ceannasaí an duine ar cuireadh an líomhain ina leith ar an eolas faoi thoradh na comhairliúcháin thuasluaite. Ag brath ar an toradh a bheadh ar iniúchadh Tusla/an Garda Síochána nó Health & Social Care Trust (HSCT) Gateway Team/PSNI d'fhéadfadh sé go nglacfaí aon cheann de na céimeanna seo a leanas i dtaca leis an mball foirne/oibrí deonach:

- Dualgais a thabhairt don duine nach mbainfeadh le teagmháil le nó le rochtain ar leanaí/dhaoine óga, ag brath ar an saghas líomhna a bheadh i gceist;

- É/Í a chur ar shaoire riaracháin le pá;

- I gcás Oibrí Deonach, iad a seasamh ar leataobh fhad is a bheadh an líomhain a mheas agus cinneadh á dhéanamh ag na húdaráis cuí; &

- Tairgfear comhairleoireacht don bhall foirne/oibriú deonach, más gá.

Eolas a roinnt leis an bhfostóir

Mar chuid dá nósanna imeachta tuairiscithe um chosaint leanaí agus beartais inmheánacha acmhainní daonna ba chóir don Duine Sainordaithe, i gcás tuairisce sainordaithe, Ceannasaí an Oireachtais a chur ar an eolas agus cóip den tuairisc a sholáthar dó/di.

Beidh cur amach ag an Duine Sainordaithe ar nósanna imeachta an fhostóra agus gcloífidh sí/sé leo.

Líomhaintí i gcoinne an Ceannasaí, an Teagmhálaí Ainmnithe nó an Leas Teagmhálaí Ainmnithe

Sa chás go ndéanfaí líomhaintí i gcoinne an Cheannasaí, an Teagmhálaí Ainmnithe nó an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe, beidh sé de dhualgas ar Chathaoirleach an Oireachtais, nó duine a bheidh roghnaithe ag an gCathaoirleach, an nós imeachta tuairiscithe atá mar chuid den Ráiteas seo a leanúint i dtaca leis na líomhaintí úd.

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar an Duine Sainordaithe/Teagmhálaí Ainmnithe imníocha a thuairisciú chuig na húdaráis cuí